



Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán

32Ú DÁIL ÉIREANN / 25Ú SEANAD ÉIREANN

**TUARASCÁIL AR NA DÚSHLÁIN A BHAINNEANN LE
HIONAID CÚRAIM LEANAÍ LÁN-GHAEILGE A
REÁCHTÁIL I GCEANTAIR GHAELTACHTA**

32GG0/13



**Tithe an
Oireachtais
Houses of the
Oireachtas**

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán

32Ú DÁIL ÉIREANN / 25Ú SEANAD ÉIREANN

**TUARASCÁIL AR NA DÚSHLÁIN A BHAINNEANN LE
HLONAI D CÚRAIM LEANAÍ LÁN-GHAEILGE A
REÁCHTÁIL I GCEANTAIR GHAEILTACHTA**

Innéacs

Innéacs	4
Réamhrá an Chathaoirligh	5
Moltaí ón gComhchoiste	8
1. Na Dúshláin a bhaineann le hIonaid Cúraim Leanaí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge	11
1.1 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022.....	11
1.2 An Plean Gníomhaíochta 2017-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030	14
2. Na Dúshláin os comhair na hIonaid Luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge	16
2.1 Coinníollacha Oibre agus Tuarastail	16
2.2 Oiliúint na gCúramóirí sna hIonaid Luathoideachais	19
2.3 Teagmháil le Comhlachtaí Poiblí	22
2.4 Teagmáil le Ranna Stáit.....	22
2.5 Cigireacht.....	23
2.5.1 An Roinn Oideachais agus Scileanna.....	23
2.5.2 An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – Tusla.....	24
2.6 Polasaí maidir le sealbhú na Gaeilge.....	26
2.6.1 Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirínte don Chúram agus Oideachas Luathóige.....	27
2.6.2 Aistear agus Síolta	29
Aguisín 1: Comhaltaí an Chomhchoiste.....	31

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá go leor ama agus fuinnimh caite leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta agus leis an bpleanáil teanga ach ba cheart go mbeadh béim ar an réamhscolaíocht chomh maith. Is í an tréimhse idir sé mhí agus cúig bliana an aois chriticiúil do shealbhú agus do shóisialú teanga. Tá tacaíocht Stáit de dhíth chun cabhrú le hionaid luathoideachais ar fud na tíre, go háirithe iad siúd atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, agus chun polasaithe atá dírithe ar shealbhú na Gaeilge a chruthú don earnáil.

Tá súil ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán (an “Comhchoiste” i ndiaidh seo) go mbreithneoidh an Rialtas ar an tuarascáil seo agus ar na moltaí atá inti; ar moltaí iad atá bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh os comhair an Chomhchoiste agus é i mbun iniúchadh a dhéanamh ar na hionaid luathoideachais. Tá an tuarascáil seo agus na moltaí atá inti bunaithe ar thuairimí agus taithí na ndaoine atá ag obair ar an talamh san earnáil sin.

Sa tuarascáil seo, is é príomhchuspóir an Chomhchoiste polasaithe an Stáit i gcomhair na n-ionad luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a imscrúdú agus na dúshláin atá iontu a aimsiú. Sa tuarascáil seo, baintear úsáid as an teideal ‘ionad luathoideachais’ i gcomhair seirbhísí luathbhlianta, naíonraí, naíolanna, réamhscoileanna, cúram lae, grúpaí súgartha agus seirbhísí eile mar iad.

Mar chuid dár n-éisteachtaí ar an ábhar seo d’fhéachamar ar na coinníollacha oibre, na tuarastail, agus na deiseanna oiliúna atá ar fáil faoi láthair do na cúramóirí agus do na bainisteoirí atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge san earnáil luathoideachais. D’fhéachamar freisin ar na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil ón Stát, seirbhísí cigireachta san áireamh, agus ar na polasaithe agus ar na treoirlínte atá i bhfeidhm agus a bhaineann le sealbhú na Gaeilge sna hionaid luathoideachais.

An chéad rud a d’aithníomar ná an obair chrua atá á dhéanamh ag na cúramóirí agus na bainisteoirí agus an tábhacht agus an fiúntas a bhaineann léi. Is daoine gairmiúla agus cáilithe na daoine seo, agus obair thábhachtach á dhéanamh acu chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. Ach tá orthu dul i ngleic le dúshláin ollmhóra ar bhonn leanúnach.

Tá easpaí agus urasaí móra ann atá le feiceáil ó thaobh na hoiliúna atá ar fáil do na cúramóirí agus do na bainisteoirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, agus ceapann an Comhchoiste go mba chóir go mbeadh oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach ann a bheadh ar fáil go héasca dóibh. Ceapann an Comhchoiste go mba chóir go mbeadh an oiliúint agus an fhorbairt sin inrochtana agus ar fáil taobh istigh den Ghaeltacht féin.

Tá dualgas ar leith ar an Stát gach uile sheirbhís a sholáthraíonn sé a chur ar fáil go dátheangach agus ar bhonn comhionannas iomlán. É Sin ráite, is ceist chasta í cad í an mhodheolaíocht is fearr a chur i bhfeidhm chun a éascú do leanaí an Ghaeilge a shealbhú agus an teanga a normalú. Ach is cinnte go bhfuil ról lárnach agus tábhachtach ag an

Stát, go mórmhór an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Gnóthaí Óige agus Leanaí, agus an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta i bhforbairt na hearnála seo. Tá gá le níos mó taighde agus níos mó plé ar an ábhar seo agus ba chóir go bhforbródh an dá Roinn treoirínite do sheirbhísí luathoideachais maidir leis an tumoideachas agus an sealbhú mionteanga.

Aithníonn an Comhchoiste an tumoideachas mar cheann de na slite is fearr chun an Ghaeilge a shealbhú agus aithníonn sé an ról lárnach atá ag na hionaid luathoideachais sa phróiseas seo. Is tacaíocht éigeantach í do phobal na Gaeilge, taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Ní féidir an Ghaeilge a choimeád beo mar theanga dúchais na hÉireann gan í agus, mar sin, iarann an Comhchoiste ar an Aire Rialtais agus ar na Ranna ábhartha ar leith staidéar a dhéanamh ar an tuarascáil seo agus ar na moltaí atá inti. Tá súil ag an gComhchoiste dul i mbun plé leis na hAíre ar an ábhar seo nuair a bheidh an tuarascáil seo léite acu agus tá an Comhchoiste ag tnúth le hobair as lámh a chéile leis na hAíre chun na moltaí atá inti a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na hionadaithe seo a leanas a tháinig os comhair an Chomhchoiste chun an t-ábhar seo a phlé leis na Comhaltaí:-

Cruinniú an Chomhchoiste ar an 6 Feabhra 2018

https://pdf.browsealoud.com/PDFViewer/Desktop/viewer.aspx?file=https://pdf.browsealoud.com/StreamingProxy.ashx?url=https://data.oireachtas.ie/oireachtas/debateRecord/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2018-02-06/debate/mul@/main.pdf&opts=www.oireachtas.ie#langidsrc=16&locale=en

Mar ionadaithe ón gCrann Taca / Comharchumann Shailearna Teo:-

An tUasal Lochlainn Ó Tuairisg Uasal – Rúnaí an Bhoird Stiúrtha;
An tUasal Áine Nic Niallais;
An tUasal Bróna Ní Uallacháin.

Cruinniú an Chomhchoiste ar an 4 Iúil 2018

https://pdf.browsealoud.com/PDFViewer/Desktop/viewer.aspx?file=https://pdf.browsealoud.com/StreamingProxy.ashx?url=https://data.oireachtas.ie/oireachtas/debateRecord/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2018-07-04/debate/mul@/main.pdf&opts=www.oireachtas.ie#langidsrc=16&locale=en

Mar ionadaithe ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta:-

An tUasal Mairéad Mac Con Iomaire – Bainisteoir;
An tUasal Ray Mac Pháidín – Bainisteoir Airgeadais.

Mar ionadaithe ó Naíolann Ráth Chairn, Co na Mí:-

An tUasal Mary Uí Fhaogáin;
An tUasal Úna Ní Fhaircheallaigh;
An tUasal Páraic Ó Gríofa.

Mar ionadaí ó Sheirbhís Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua, Co na Gaillimhe:-

An tUasal Mairéad Mhic Dhonncha.

Mar ionadaí ó Sheirbhís ITT, Ionad Cúram Leanaí Bhaile 'n Fheirtéaraigh, Co Chiarraí:-

An tUasal Orlaith Ruiséal.

Mar ionadaí ó Sheirbhís Luathbhlianta na nDoirí Beaga, Co Dhún na nGall:-

An tUasal Eithne Mhic Fhionnlaoich.

Cruinniú an Chomhchoiste ar an 20 Samhain 2018

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2018-11-20/2/

Mar ionadaithe ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige:-

An tUasal Fergal Lynch – Ard-Rúnaí;
An tUasal Paul Fay – Príomhoifigeach;
An tUasal Denis O'Sullivan – Príomhoifigeach;
An tUasal Orla Cooper – Príomhoifigeach Cúnta;
An tUasal Michael Keenan – Príomhoifigeach Cúnta;
An tUasal David O'Brien – Ardoifigeach Feidhmiúchán;
An tUasal Niamh Ní Dhómhnaill – Oifigeach Riaracháin;
An tUasal Séamus Keane – Oifigeach Cléireachais.

Cruinniú an Chomhchoiste ar an 18 Nollaig 2018

https://pdf.browsealoud.com/PDFViewer/Desktop/viewer.aspx?file=https://pdf.browsealoud.com/StreamingProxy.ashx?url=https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/debateRecord/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_na_noilean/2018-12-18/debate/mul@/main.pdf&opts=www.oireachtas.ie#langidsrc=16&locale=en

Mar ionadaithe ó Tusla – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach:-

An tUasal Pat Smyth – Príomhfheidhmeannach Eatramhach;
An tUasal Alan Breen – Stiúrthóir Cumarsáide;
An tUasal Amanda Pathe – Bainisteoir, Aonad Gnóthaí Páirliminte;
An tUasal Fiona Mc Donnell – Stiúrthóir Náisiúnta Seirbhíse, Rialú Seirbhísí Leanaí;
An tUasal Noel Kelly – Stiúrthóir Sheirbhíse, Seirbhísí Oideachais agus Leasa.

Táimse agus mo chomhghleacaithe an-bhuíoch díbh as an gcúnamh a thug sibh dúinn, agus an t-ábhar seo á bhreathnú againn.



Catherine Connolly TD
Cathaoirleach an Choiste
21 Bealtaine 2019

Moltaí ón gComhchoiste

- Moladh 1:** Go gcomhaontóidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna polasaí um luathoideachas Gaeltachta agus Gaeilge, agus go gcuirfear an polasaí seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.
- Moladh 2:** Go gcomhaontóidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna scéim aitheantais i gcomhair ionaid luathoideachais agus naíolanna, chun aitheantas a thabhairt dóibh siúd atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus na coinníollacha cuí á gcomhlíonadh acu. Go gcuirfear an scéim seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir i gcomhair ionaid luathoideachais agus naíolanna atá lonnaithe taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht araon.
- Moladh 3:** Go gcruthóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna poist ar leith ionas gur féidir leis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil an luathoideachais i gceantair taobh istigh den Ghaeltacht agus taobh amuigh di.
- Moladh 4:** Go gcuirfear níos mó sonraí ar fáil maidir leis an gcaoi ina gcuirfear na gníomhartha uile i bhfeidhm a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta 2017-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.
- Moladh 5:** Go mbeidh cóimheas níos ísle i bhfeidhm sna hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ná mar atá i bhfeidhm sna hionaid luathoideachais agus naíolanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.
- Moladh 6:** Go dtabharfaí cúnamh breise agus tacaíocht bhreise do na leanaí, na cúramóirí agus na bainisteoirí sna hionaid luathoideachais agus naíolanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ionas gur féidir leis na leanaí ceannas a fháil ar dhá theanga dhifriúla i sochaí dhátteangach, agus ionas gur féidir le cúramóirí agus bainisteoirí cáilithe dul i ngleic leis na dúshláin ar leith a bhaineann le soláthar an luathoideachais trí mheán na Gaeilge.
- Moladh 7:** Go mbronnfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aitheantas ceart ar na cúramóirí sna hionaid luathoideachais as an obair fhiúntach atá á dhéanamh acu.
- Moladh 8:** Go mbeidh cúramóirí cáilithe ar comhchéim le múinteoirí bunscoile i dtaca le tuarastal, laethanta saoire, pinsean agus coinníollacha fostaíochta eile.
- Moladh 9:** Go ndéanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige imscrúdú ar shamplaí de dhea-chleachtas in earnáil an luathoideachais agus naíolanna i dtíortha eile, agus go ndéanfaidh an Roinn athbhreithniú ar

an mbuiséad atá ar fáil don earnáil in Éirinn sa lá atá inniu ann chun a bheith cinnte go bhfuil na hacmhainní cuí ar fáil di.

- Moladh 10:** Go mbeidh comhoibriú idir na hionaid luathoideachais ar fud na tíre, iad siúd a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus iad siúd a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla araon, chun comhéileamh á dhéanamh ar thuarastal, coinníollacha oibre agus áiseanna níos fearr.
- Moladh 11:** Go gcuirfear modúl ar leith ar fáil mar chuid den oiliúint i gcomhair cúramóirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais agus naíolanna, ina soláthrófar teagasc ar an tslí is fearr chun cabhrú le leanaí teangacha a shealbhú agus a fhoghlaim.
- Moladh 12:** Go gcuirfear na modúil ‘An tSochttheangeolaíocht agus an Páiste’ agus ‘Saibhriú na Gaeilge’ ar bun arís.
- Moladh 13:** Go gcuirfear an tacaíocht chuí ar fáil do chleachtóirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais agus naíolanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, chun gur féidir leo oiliúint agus forbairt ghairmiúil trí mheán na Gaeilge a fháil.
- Moladh 14:** Go gcuirfear cáilíochtaí Leibhéal 5 go Leibhéal 8 ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go gcuirfear iad ar fáil ar líne agus i suíomhanna éagsúla taobh istigh den Ghaeltacht féin, i ngach Gaeltacht chomh fada agus is féidir.
- Moladh 15:** Go bhfaighidh na cúramóirí oiliúint chumasach i saibhreas na Gaeilge, trí mheán na Gaeilge.
- Moladh 16:** Go bhfaighfidh na cúramóirí gach deis agus tacaíocht chun a gcuid cáilíochtaí agus scileanna a fheabhsú.
- Moladh 17:** Go ndéanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus TUSLA – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach cinnte de, chomh luath agus is féidir, go mbeidh ar chumas 20% dá gcuid fostaithe seirbhísí dátheangacha a sholáthar, ionas gur féidir leis na seirbhísí luathbhlianta uile gach gné dá n-idirghabháil agus dá ngnó leo a dhéanamh tríd a rogha teanga oifigiúla.
- Moladh 18:** Go mbunófar rannóg ar leith taobh istigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a bheadh mar chúram ar na hoifigigh inti seirbhísí iomlána a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus do na heagraíochtaí eile a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta eile trí mheán na Gaeilge.
- Moladh 19:** Go gceapfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Oifigeach dátheangachais, agus go mbeadh sé mar phríomhchúram ar an Oifigeach sin seirbhísí dátheangacha na Ranna a fheabhsú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu.

- Moladh 20:** Go ndéanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, TUSLA – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus aon chomhlacht poiblí eile cinnte de, chomh luath agus is féidir, go mbeidh gach uile idirghabháil, doiciméad agus chomhfhreagras idir iad féin agus aon ionad luathoideachais déanta go hiomlán trí mheán na teanga oifigiúla atá á húsáid ag an ionad luathoideachais sin mar a ghnáth-theanga oibre.
- Moladh 21:** Go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus TUSLA – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach cinnte de, chomh luath agus is féidir, go mbeidh gach cigireacht a dhéantar in ionad luathoideachais agus naíolann déanta trí mheán na teanga oifigiúla atá á húsáid ag an ionad luathoideachais nó ag an naíolann sin mar a ghnáth-theanga oibre.
- Moladh 22:** Go n-earcóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus TUSLA – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, chomh luath agus is féidir, dóthain cigirí arbh fhéidir leo a ndualgais iomlána a chomhlíonadh go dátheangach, ionas go mbeidh an rogha ag gach uile ionad luathoideachais agus naíolann a n-idirghabháil a dhéanamh leo trí mheán na teanga oifigiúla atá á húsáid ag an ionad luathoideachais nó ag an naíolann sin mar a ghnáth-theanga oibre.
- Moladh 23:** Go mbronnfar stádas ar leith ar an luathoideachas trí mheán na Gaeilge, go háirithe, ach ní amháin, ar na hionaid luathoideachais siúd atá lonnaithe sa Ghaeltacht féin.
- Moladh 24:** Go bhforbrófar creatchuraclam agus treoirlínte ar leith i gcomhair na hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, agus go mbeidh an creatchuraclam agus na treoirlínte sin dírithe ar na riachtanais ar leith a bhaineann le teanga agus an tumoideachas.
- Moladh 25:** Go gcuirfidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna acmhainní ar fáil le haghaidh taighde ar mhodhanna teagaisc luathbhlianta i gcomhthéacs dátheangach, i gcomhthéacs mionteanga agus i gcomhthéacs phobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge.

1. Na Dúshláin a bhaineann le hIonaid Cúraim Leanaí a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge

1.1 Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna polasaí ar leith don oideachas Gaeltachta i bhfeidhm in 2016 agus fáiltíonn Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán roimh an aitheantas sin.

Mar chuid den pholasaí sin, cuirtear maoiniú agus acmhainní foirne breise ar fáil chun tacú leo seo a leanas:-

- Ionaid luathoideachais atá ann cheana féin le feabhas a chur ar a soláthar;
- Ionaid luathoideachais ar mhian leo a seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge;
- Ionaid luathoideachais nua sa Ghaeltacht a bhunú áit a bhfuil éileamh ann dóibh;
- Líon na n-ionad luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus faoi choimirce Chomhar Naíonraí na Gaeltachta a mhéadú.

Is ar an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta (le tacaíocht ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta) agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá an fhreagracht maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 i suíomhanna luathbhlianta.

“Faoin Polasaí don Oideachas Gaeltachta, tabharfar cuireadh do scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht iarratas a dhéanamh ar aitheantas mar scoileanna Gaeltachta. Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge, (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile) ...

Déanfaidh scoileanna a gheallann go mbeidh siad ina Scoileanna Gaeltachta, trína bpróisis féinmheastóireachta scoile, plean gníomhaíochta feabhsúcháin scoile uile a fhorbairt a léireoidh go soiléir an chaoi ina gcomhlíonfaidh an scoil riachtanais an phróisis aitheantais ar bhealach céimneach agus an chaoi ina dtógfaidh sí naisc lena pobal áitiúil chun úsáid na Gaeilge a chothú. Deonaítear acmhainní agus tacaí breise do scoileanna aitheanta mar Scoileanna Gaeltachta. ”

Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022; leathanach 11

Is iontach an scéim í seo agus creideann an Comhchoiste go mbeadh scéim mar seo an-oiriúnach i gcomhair na n-ionad luathoideachais sa Ghaeltacht. Cosúil leis na bunscoileanna agus leis na hiar-bhunscoileanna atá tiomanta stádas mar scoil Ghaeltachta a bhaint amach, ba chóir go mbeadh critéir le comhlíonadh agus stádas mar ionad luathoideachais Gaeltachta á bhaint amach ag ionad luathoideachais.

Cúram agus Oideachas Luath-Óige

“Faoi láthair [2018], tá 127 suíomh oideachais ag glacadh páirt sa chlár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE)¹⁷ i limistéir Ghaeltachta, a bhfuil 59 díobh ina suíomhanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus a fhaigheann tacaíocht ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta (CNG).

¹⁷ Is é an Clár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE) an scéim íocaíochta le suíomhanna a chuireann cúram agus oideachas luath-óige ar fáil do leanaí 3+ bliana d’aois.”

Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022; leathanach 41

Tionscnaíodh an scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige, faoi chúram na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, den chéad uair in 2010. Chuir sé réamhscolaíocht ar fáil saor in aisce do leanaí ar feadh bliain amháin ach anois, in 2019, agus ráth mór air, tá sí ag feidhmiú mar scéim dhá bhliain.

Bhunaigh Údarás na Gaeltachta an chuideachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo in 2004, chun bainistiú agus riar a dhéanamh ar bhonneagar luathoideachais na n-ionad luathoideachais agus na seirbhísí cúraim leanaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht.

Tá sé mar chúram ar an gComhar:-

- An bonneagar atá riachtanach a thógáil agus a chothú;
- Seirbhísí luathoideachais agus cúraim leanaí a chur ar fáil as Gaeilge sa Ghaeltacht;
- Seirbhísí tacaíochta riaracháin, agus oiliúna a chur ar fáil do thuismitheoirí, coistí agus pobail Ghaeltachta.

Is scéim fiúntach í seo a thugann a gcéad tacaíocht fhoirmiúil luathfhoghlama do leanaí roimh fhreastail ar bhunscoil dóibh. Go praiticiúil, baineann na leanaí leas as eispéaras réamhscoile 5 uaire an chloig gach lá den tseachtain ar feadh 38 seachtaine.

Faigheann seirbhísí cúraim leanaí caipitíocht €64.50 in aghaidh na seachtaine, do gach leanbh. Má bhaineann tuismitheoir leas as uaireanta breise nó gníomhaíochtaí roghnacha, feidhmeoidh d'íocaíocht mar laghdú de €64.50 in aghaidh na seachtaine.

Dar le suíomh idirlín na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige bhí thart ar 4,500 suíomh cúraim leanaí páirteach sa scéim seo in 2018.

<https://www.dcy.gov.ie/cat/GA/Cuacute-ram-leanaiacute-/211.htm>

In 2018, d'fhógair an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige go bhféadfadh tuismitheoirí a bhfuil leanaí faoi mhíchumas acu agus atá ag déanamh cinnidh i dtaobh an gcuirfidh siad siar iontráil a linbh i réamhscoil shaor in aisce tairbhe a bhaint as dhá bhliain iomlána beag beann ar aon athruithe polasaí sa toadhcháil.

<http://www.comharnaionrai.ie/uploadedfiles//Díolúintí%20thar%20aois%20ECCE.pdf>

Léirítear sa treoir a chuirtear ar fáil do thuismitheoirí go bhféadfaidh seirbhísí cúram leanaí níos mó a ghearradh le haghaidh seirbhísí breise a chuireann siad ar fáil, ar nós uaireanta breise agus gníomhaíochtaí roghnacha breise, ar nós turas, dul ag snámh, cóisirí, etc.

<http://www.comharnaionrai.ie/uploadedfiles//Parents%20Guide%20to%20Childcare%2017%20Irishc.pdf>

Tá lár-oifig an Chomhair lonnaithe ar an gCeathrú Rua i gContae na Gaillimhe agus tá fo-oifigí aige i Maigh Eo, i nDún na nGall agus i bPort Láirge. Soláthraíonn sé faisnéis ar an scéim agus ar a sheirbhísí, agus comhairle agus treoracha do thuismitheoirí ar a shuíomh idirlín.

<http://www.comharnaionrai.ie/>

Is féidir le haon duine, comhlacht nó dream ionad luathoideachais a oscailt agus a fheidhmiú agus an teideal 'naíonra' a chur air. Níl aon sainmhíniú dlíthiúil ar an teideal seo agus níl aon riachtanas ar na soláthróirí feidhmiú trí mheán na Gaeilge nó oideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil dá gcustaiméirí. Is féidir seo a dhéanamh taobh istigh den Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht araon, agus in a lán cásanna níl a fhios ag na tuismitheoirí cé acu a fheidhmíonn ionaid áirithe trí mheán na Gaeilge, nó trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla ar comhchéim, nó trí mheán an Bhéarla 95% den am. Níl aon rialacha ná coinníollacha teanga i bhfeidhm chun é seo a rialú nó chun aon mhíthuiscint a sheachaint.

Faoi láthair, faigheann an 127 n-ionad luathoideachais sa Ghaeltacht a bhfuil páirt á glacadh acu sa chlár um Chúram agus Oideachas Luath-Óige tacaíocht ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta, an 68 dóibh nach bhfeidhmíonn trí mheán na Gaeilge san áireamh. Ní dhéanann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige monatóireacht ar na seirbhísí sin ó thaobh úsáid na Gaeilge iontu, nó ó thaobh chaighdeán na Gaeilge de.

Níl dualgas ar bith ar sheirbhísí luathoideachais clárú le heagraíocht ar nós Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus is laige bhunúsach sa chóras é seo. Ba chóir don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus don Roinn Oideachais agus Scileanna polasaí um luathoideachas Gaeltachta a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm. Taobh leis an bpolasaí sin tá fíorghá ann scéim aitheantais i gcomhair ionaid luathoideachais atá lonnaithe sa Ghaeltacht a chur i bhfeidhm, cosúil leis an gcóras aitheantais atá i bhfeidhm i gcomhair scoileanna Gaeltachta faoi láthair. Ba chóir aitheantas ar leith a bhronnadh ar naíonraí agus naíolanna atá ag feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus atá ag comhlíonadh na gcoinníollacha cuí. Ba chóir é seo a dhéanamh i gcomhair naíonraí agus naíolanna atá lonnaithe taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht araon.

Moladh 1: Go gcomhaontóidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna polasaí um luathoideachas Gaeltachta agus Gaeilge, agus go gcuirfear an polasaí seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

Moladh 2: Go gcomhaontóidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna scéim aitheantais i gcomhair ionad luathoideachais agus naíolanna, chun aitheantas a thabhairt dóibh siúd atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge agus na coinníollacha cuí á gcomhlíonadh acu. Go gcuirfear an scéim seo i bhfeidhm chomh luath agus is féidir i gcomhair ionad luathoideachais agus naíolanna atá lonnaithe taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht araon.

1.2 An Plean Gníomhaíochta 2017-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

“Cruthófar dhá phost Gaeilge i réimse na Luathbhlianta laistigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGO) chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil na luathbhlianta i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht.”

Plean Gníomhaíochta 2017-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, leathanach 51

https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht_report_screen.pdf

Trí na poist nua seo, beidh sé ar chumas na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil an luathoideachais i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht agus tréaslaíonn an Comhchoiste leis an Roinn as an ngníomh seo a chur i gcrích chomh luath agus is féidir. Mar chéim ar aghaidh agus níos faide, molann an Comhchoiste don Roinn poist eile a chruthú ionas gur féidir leis an Roinn tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil luathoideachais i gceantair taobh istigh den Ghaeltacht.

“Cinntear go bhfuil fáil ar FGL [Forbairt Ghairmiúil Leanúnach] trí Ghaeilge, arna soláthar agus arna tacú ag ROS [An Roinn Oideachais agus Scileanna], do chleachtóirí luathbhlianta atá ag obair i dtimpeallachtaí Gaeltachta agus i dtimpeallachtaí ina bhfeidhmítear trí Ghaeilge.”

Plean Gníomhaíochta 2017-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge
2010-2030, leathanach 34

Creideann an Comhchoiste go mba chóir go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil Ghaeilge atá ar fáil do na cúramóirí agus do na bainisteoirí sna hionad luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán an Gaeilge ar comhchéim leis an bhforbairt ghairmiúil Ghaeilge atá ar fáil do na hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Anuas air sin, creideann an Comhchoiste go mba chóir go mbeadh an fhorbairt ghairmiúil Ghaeilge ar fáil sa Ghaeltacht féin, ionas nach gcaithfeadh na cúramóirí agus na bainisteoirí atá ina gcónaí ann taisteal i bhfad ón mbaile chun freastal ar na cúrsaí éagsúla.

Molann an Comhchoiste na bearta uilig atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta 2017-2022 maidir leis an oideachas luathbhlianta, ach tá súil aige go mbeidh níos mó sonraí ar fáil maidir leis an gcaoi ina gcuirtear na gníomhartha uilig i bhfeidhm chomh luath agus is féidir.

- Moladh 3:** Go gcruthóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna poist ar leith ionas gur féidir leis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar Gaeilge in earnáil an luathoideachais i gceantair taobh istigh den Ghaeltacht agus taobh amuigh di.
- Moladh 4:** Go gcuirfeadh níos mó sonraí ar fáil maidir leis an gcaoi ina gcuirfeadh na gníomhartha uile i bhfeidhm a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta 2017-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

2. Na Dúshláin os comhair na hIonaid Luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge

2.1 Coinníollacha Oibre agus Tuarastail

Ba cheart go mbeadh cóimheas an-íseal idir chúramóirí agus leanaí in ionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Tá fáthanna ar leith a thugann údar ar leith leis an gcóimheas sin a bheith níos-ísele in ionaid luathoideachas a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ná mar atá sé in ionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Taobh leis na gnáthdhúshláin a bhaineann leis an luathoideachas, bíonn ar na cúramóirí sna hionaid a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge dul i ngleic le dúshlán casta breise: cúrsaí teanga i sochaí dhátheangach. Tá orthu an Ghaeilge líofa a chur in iúl do leanaí agus an Ghaeilge líofa a fhorbairt agus a fheabhsú do leanaí a thagann chucu le Gaeilge líofa amháin, le Gaeilge líofa agus Béarla líofa, le Béarla líofa amháin, le Gaeilge bhriste nó le Béarla briste, nó gan ceachtar den Ghaeilge ná den Bhéarla ar chor ar bith acu.

Baineann dúshláin ar leith le soláthar an luathoideachais trí mheán na Gaeilge sna cúinsí casta seo; teanga faoi bhrú, pobal faoi bhrú, tumoideachas cuimsitheach a chur ar fáil. Má táimid ag iarraidh na brúnna sin a laghdú agus an tumoideachas cuimsitheach a chur i bhfeidhm, tá orainn cúnaimh breise a thabhairt do na cúramóirí, na bainisteoirí agus na leanaí araon. Tá gá i bhfad níos mó tacaíochta a thabhairt dóibh; tacaíocht atá bunaithe ar choinníollacha ar leith, agus coinníollacha atá i bhfad níos fearr ná mar atá ann faoi láthair. Má táimid ag iarraidh ar na leanaí ceannas a fháil ar dhá theanga dhifriúla i sochaí dhátheangach, agus má táimid i ndáiríre faoi chúramóirí agus bainisteoirí oilte a fhostú, tá orainn an tacaíocht seo a thabhairt dóibh láithreach bonn.

Bíonn sé deacair ar bhainisteoirí sna hionaid luathoideachais cúramóirí, a bhfuil Gaeilge líofa agus a bhfuil na cáilíochtaí cuí bainte amach acu, a fhostú. Is cuideachtaí beaga cuid mhór dóibh agus iad lonnaithe i gceantair iargúlta freisin. Mar sin, is minic nach mbíonn poist lánaimseartha bhuna i gceist, agus mar bharr ar an donas, ní fhaigheann na cúramóirí aon tuarastal i gcomhair a laethanta saoire ná níl scéim pinsin ar fáil dóibh ach an oiread. De bharr na gcoinníollacha sin, bíonn sé thar a bheith deacair cúramóirí a fhostú agus a choimeád ina bpoist; go háirithe daoine óga agus fir. Baineann na deacrachtaí seo le poist lánaimseartha agus fiú le poist pháirtaimseartha.

Baineann deacrachtaí ar leith leis na cáilíochtaí atá ag teastáil ó na cúramóirí. An té atá ag iarraidh post a fháil mar chúramóir i naíolann, tá air / uirthi QQI Leibhéal 5 a ghnóthú. An té atá ag iarraidh post a fháil mar chúramóir i naíonra, tá air / uirthi QQI Leibhéal 6 a ghnóthú. Aithníonn an Comhchoiste tábhacht na gcáilíochtaí sin agus tréasláinn sé leis na cúramóirí a bhfuil na cáilíochtaí sin gnóthaithe acu, agus aithníonn an Comhchoiste freisin nach bhfuil cothrom na Féinne á thabhairt dóibh; agus ní bheidh go dtí go bhfaigheann siad an tuarastal

agus na coinníollacha atá tuillte acu agus atá i gcomhréir lena gcáilíochtaí, a ndualgais, a scileanna agus a saineolas.

Mar a dúradh thuas, tá sé ag dul dian ar na hionaid luathoideachais na cúramóirí a choimeád ina bpoist, agus go mórmhór na cúramóirí a bhfuil QQI Leibhéal 7 gnóthaithe acu, mar nuair atá na leibhéil sin gnóthaithe acu is féidir leo post a fháil mar chúntóir riachtanas speisialta i mbunscoil, ar thuarastal níos airde agus ar choinníollacha níos fearr (tuarastal níos fearr, tuarastal saoire agus coinníollacha níos fearr) ná mar atá ar fáil dóibh sna hionaid luathoideachais.

Cruthaíonn an ghluaiseacht seo fadhbanna eile do na bainisteoirí. Ní féidir leo ionadaithe cáilithe a bhfuil Gaeilge líofa acu a fháil agus nuair a fhaigheann siad cúramóirí nua tá orthu oiliúint a thabhairt dóibh gan aon chinnteacht go bhfanfaidh siad sa phost go lánaimseartha.

Tagann na deacrachtaí seo, an neamhchinnteacht leanúnach agus an síorathrú foirne, salach ar dhea-chleachtas sna hionaid luathoideachais. Bíonn leanaí i bhfad níos mó ar a sáimhín só agus i bhfad níos socraithe sa rang nuair atá an cúramóir céanna acu gach lá. Feileann an leanúnachas dóibh agus téann sé chun tairbhe dóibh. Ó thaobh sealbhú teanga de, feidhmíonn sé i bhfad níos fearr nuair is féidir leis an gcúramóir céanna a bheith ag obair le scataí beaga leanaí chun a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge á húsáid acu i ngach gné dá saol oideachais; an fhoghlaim agus an spraoi san áireamh.

Is í an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a sholáthraíonn an maoiniú i gcomhair na n-ionad luathoideachais. Faoin gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige faigheann an cúramóir tuarastal i gcomhair 38 seachtaine sa bhliain. Níl an tuarastal seo ag teacht leis an tuarastal a fhaigheann múinteoirí scoile, agus i ndáiríre níl sé mórán os cionn an íosphá náisiúnta. Ní fhaigheann na cúramóirí tuarastal ar bith i gcomhair a laethanta saoire agus níl aon phinsean ag baint leis an tuarastal íseal a fhaigheann siad.

Ag a gcruinniú ar an 4 Iúil 2018 chuala an Comhchoiste fianaise a bhain le dea-chleachtas i dtíortha eile. Mar shampla, san Iorua, is ionann nach mór tuarastal tosaigh an mhúinteora náiscoile agus tuarastal tosaigh an mhúinteora bunscoile. Is post lán-aimseartha é an múinteoir náiscoile san Iorua, oibríonn an múinteoir 37.5 uaire in aghaidh na seachtaine agus faigheann an múinteoir 25 lá saoire sa bhliain.

Creideann an Comhchoiste go mba chóir don Roinn Oideachais agus Scileanna aitheantas ceart a bhronnadh ar na cúramóirí sna hionaid luathoideachais as an obair fhiúntach atá á dhéanamh acu. Creideann an Comhchoiste go mba chóir go mbeadh na cúramóirí cáilithe ar comhchéim le múinteoirí bunscoile i dtaca le tuarastal, laethanta saoire, pinsean agus coinníollacha fostaíochta eile.

Baineann na dúshlán thuas maidir le coinníollacha fostaíochta sna hionaid luathoideachais ar fud na tíre agus ní hamháin iontu siúd atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Caithfidh go mbeidh comhoibriú idir na hionaid luathoideachais ar fud na tíre, iad siúd a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus iad siúd a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla araon, chun comhéileamh a dhéanamh ar thuarastal, coinníollacha oibre agus áiseanna níos fearr.

- Moladh 5:** Go mbeidh cóimheas níos ísle i bhfeidhm sna hionaid luathoideachais agus naíolanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ná mar atá i bhfeidhm sna hionaid luathoideachais agus naíolanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.
- Moladh 6:** Go dtabharfaí cúnamh breise agus tacaíocht bhreise do na leanaí, na cúramóirí agus na bainisteoirí sna hionaid luathoideachais agus naíolanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ionas gur féidir leis na leanaí ceannas a fháil ar dhá theanga dhifriúla i sochaí dhátheangach, agus ionas gur féidir le cúramóirí agus bainisteoirí cáilithe dul i ngleic leis na dúshláin ar leith a bhaineann le soláthar an luathoideachais trí mheán na Gaeilge.
- Moladh 7:** Go mbronnfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aitheantas ceart ar na cúramóirí sna hionaid luathoideachais as an obair fhiúntach atá á déanamh acu.
- Moladh 8:** Go mbeidh cúramóirí cáilithe ar comhchéim le múinteoirí bunscoile i dtaca le tuarastal, laethanta saoire, pinsean agus coinníollacha fostaíochta eile.
- Moladh 9:** Go ndéanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige imscrúdú ar shamplaí de dhea-chleachtas in earnáil an luathoideachais agus naíolanna i dtíortha eile, agus go ndéanfaidh an Roinn athbhreithniú ar an mbuiséad atá ar fáil don earnáil in Éirinn sa lá atá inniu ann chun a bheith cinnte go bhfuil na hacmhainní cuí ar fáil di.
- Moladh 10:** Go mbeidh comhoibriú idir na hionaid luathoideachais ar fud na tíre, iad siúd a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus iad siúd a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla araon, chun comhéileamh a dhéanamh ar thuarastal, coinníollacha oibre agus áiseanna níos fearr.

2.2 Oiliúint na gCúramóirí sna hIonaid Luathoideachais

Faoi láthair, mar chuid de na cúrsaí ar chúram leanaí a chuirtear ar fáil faoi Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, níl aon mhodúl ann a dhíríonn ard na gcúramóirí ar fhoghlaim na Gaeilge nó ar an tsochtheangeolaíocht.

Roimhe seo, mar chuid de chúrsa a reáchtáladh faoi Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, bhí dhá mhodúl speisialta ar chúram leanaí ar fáil do stiúthóirí a bhí ag feidmiú i suíomh Gaeltachta. Ba éard iad ‘An tSochtheangeolaíocht agus an Páiste’ agus ‘Saibhriú na Gaeilge’. Ach, faraor, níor lean an dá mhodúl sin ar aghaidh ó Chomhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna go dtí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann nuair a bunaíodh é in 2012.

Ba chóir go mbeadh modúl ar leith mar chuid den oiliúint i gcomhair cúramóirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais, ina soláthrófaí teagasc ar an tslí is fearr chun cabhrú le leanaí teangacha a shealbhú agus a fhoghlaim. Ba chóir na modúil ‘An tSochtheangeolaíocht agus an Páiste’ agus ‘Saibhriú na Gaeilge’ a chur ar bun arís.

Is míbhuntáiste agus dúshlán nach bhfuil na cáilíochtaí, Leibhéal 5 agus Leibhéal 6, i gcúram leanaí faoi Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, ar fáil trí mheán na Gaeilge ar líne nó i suíomh taobh istigh den Ghaeltacht féin. Is iad seo na buncháilíochtaí atá riachtanach dóibh mar chúramóirí agus níl sé éasca orthu a bheith ag obair sa Ghaeltacht agus a bheith ag freastail ar chúrsaí sna bailte móra ag an am céanna. Níl sé cothrom ach oiread nach bhfuil na cáilíochtaí seo ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Conas is féidir leis na cúramóirí a bheith cáilithe i gcomhair obair a dhéanamh in ionad luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus gan an rogha acu ach na cáilíochtaí sin a fháil trí mheán an Bhéarla amháin?

Conas is féidir leo an téarmaíocht Ghaelach cheart a fhoghlaim agus conas is féidir saibhreas na Gaeilge a chur chun cinn mura bhfaightear an oiliúint cheart trí mheán na Gaeilge?

Níl na cúinsí reatha sásúil ná inghlactha agus tuigeann an Comhchoiste agus aontaíonn sé leis na tuismitheoirí agus na hionaid luathoideachais ar an ábhar seo. Tá sé thar a bheith tábhachtach go gcomhoibreoidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus na Boird Oideachais agus Oiliúna áitiúla le chéile chun an sprioc sin a bhaint amach.

Faoi láthair, ní chuireann Comhar Naíonraí na Gaeltachta ná an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige cúrsaí oiliúna ar fáil chun cabhair a thabhairt do chúramóirí leibhéal cáilíochta níos airde, faoi Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, a bhaint amach. De ghnáth, níl na hacmhainní ag na hionaid luathoideachais féin na cúrsaí seo a chur ar fáil agus má tá suim ag na cúramóirí iontu bíonn orthu freastal orthu agus íoc astu as a stuaim féin, ar rud é atá thar a bheith deacair orthu agus iad ag obair ar thuarastal íseal, agus go mórmhór orthu siúd atá ag obair go páirtaimseartha.

Is beart de chuid an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 é go ndéanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta, i gcomhairle le gníomhaireachtaí ábhartha amhail an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, fiosrú faoi dheiseanna chun feabhas níos mó a chur ar na cáilíochtaí agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha atá ar fáil do chleachtóirí atá ag obair sna naíonraí.

“Áirítear ar na roghanna le meas: rochtain a éascú ar chúrsaí ábhartha sa chúram leanaí trí mheán na Gaeilge agus cúrsaí saincheaptha a sholáthar a dhíríonn ar réimse den soláthar oideachais (m.sh., tumoideachas) a bhaineann go saineúil le riachtanais na hearnála oideachais luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Déanfar machnamh freisin ar an bhféidearthacht le cáilíocht shaincheaptha a sholáthar san oideachas luathbhlianta trí mheán na Gaeilge do chleachtóirí agus cúramóirí ionchasacha ag obair i naíonraí a shásóidh riachtanais rialacháin agus riachtanais na foirne atá ag obair i suíomhanna luathbhlianta a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.”

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016

Dar leis an bPlean Gníomhaíochta 2017-2022 don Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 cuirfear tacaíocht ar fáil don réimse luathoideachais i leith oiliúint agus forbairt ghairmiúil na gcúramóirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais. Cuirfear modúil i sealbhú na Gaeilge agus i saibhriú teanga a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fáil dóibh. Déanfar fiosrú chomh maith ar na féidearthachtaí maidir le cursaí oiliúna i gCúram Leanaí ó Leibhéal 5 go dtí Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cailíochtaí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Éascódh sé seo an rochtain ar oiliúint sholúbtha ar ardchaighdeán do chleachtóirí luathoideachais mar atá ar fáil trí mheán an Bhéarla cheana.

Aithníonn an Comhchoiste bearta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus bearta na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige chun oiliúint agus forbairt ghairmiúil na gcúramóirí sna hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge a fheabhsú, agus tá an Comhchoiste ag súil le níos mó sonraí maidir leis na bearta sin a fheiceáil go luath.

Ba chóir go mbeadh an tacaíocht chuí ar fáil do chúramóirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais sa Ghaeltacht, chun gur féidir leo oiliúint agus forbairt ghairmiúil trí mheán na Gaeilge a fháil. Ag an am céanna, ba chóir go mbeadh coinníollacha oibre agus tuarastal oiriúnach ar fáil dóibh. Mura bhfuil na rudaí seo ar fáil dóibh, is féidir leo poist eile ar thuarastal agus ar choinníollacha níos fearr a fháil in earnáil chúraim eile.

Ba chóir go mbeadh cáilíochtaí Leibhéal 5 go Leibhéal 8 ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go mbeadh siad ar fáil ar líne agus i suíomhanna éagsúla taobh istigh den Ghaeltacht féin, i ngach Gaeltacht chomh fada agus is féidir. Molann an Comhchoiste go bhfaighidh na cúramóirí oiliúint chumasach i saibhreas na Gaeilge, trí mheán na Gaeilge. Molann an Comhchoiste go bhfaighidh siad gach deis agus tacaíocht a gcuid cáilíochtaí agus scileanna a fheabhsú.

- Moladh 11:** Go gcuirfear modúl ar leith ar fáil mar chuid den oiliúint i gcomhair cúramóirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais agus naíolanna, ina soláthrófar teagasc ar an tslí is fearr chun cabhrú le leanaí teangacha a shealbhú agus a fhoghlaim.
- Moladh 12:** Go gcuirfear na modúil ‘An tSochttheangeolaíocht agus an Páiste’ agus ‘Saibhriú na Gaeilge’ ar bun arís.
- Moladh 13:** Go gcuirfear an tacaíocht chuí ar fáil do chleachtóirí atá ag obair sna hionaid luathoideachais agus naíolanna atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge, chun gur féidir leo oiliúint agus forbairt ghairmiúil trí mheán na Gaeilge a fháil.
- Moladh 14:** Go gcuirfear cáilíochtaí Leibhéal 5 go Leibhéal 8 ar fáil trí mheán na Gaeilge agus go gcuirfear iad ar fáil ar líne agus i suíomhanna éagsúla taobh istigh den Ghaeltacht féin, i ngach Gaeltacht chomh fada agus is féidir.
- Moladh 15:** Go bhfaighidh na cúramóirí oiliúint chumasach i saibhreas na Gaeilge, trí mheán na Gaeilge.
- Moladh 16:** Go bhfaighidh na cúramóirí gach deis agus tacaíocht chun a gcuid cáilíochtaí agus scileanna a fheabhsú.

2.3 Teagmháil le Comhlachtaí Poiblí

Feidhmíonn Comhar Naíonraí na Gaeltachta trí mheán na Gaeilge amháin agus soláthraíonn sé a chuid seirbhísí trí mheán na Gaeilge ar fad. Oibríonn na cúramóirí leis na leanaí ina n-ionaid trí mheán na Gaeilge amháin agus is trí mheán na Gaeilge a bhíonn an teagmháil idir na cúramóirí, na bainisteoirí agus na tuismitheoirí. Eagraítear na cruinnithe agus na coistí éagsúla uile trí mheán na Gaeilge. Ach ag an am céanna ní féidir leis an gComhar ná fostaithe an Chomhair a gcuid gnó nó a gcuid idirghabhálacha leis na Rannaí Stáit éagsúla a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Den chuid is mó tá orthu iad a dhéanamh trí mheán an Bhéarla.

Níl sé seo ceart ná éifeachtúil, agus tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh an rogha agus an deis ag Comhar na Naíonraí Gaeltachta agus ag na heagraíochtaí eile a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta eile trí mheán na Gaeilge, a gcuid gnó agus a gcuid idirghabhálacha a dhéanamh leis na Ranna Stáit éagsúla sa teanga oifigiúil a roghnaíonn siad féin.

2.4 Teagmáil le Ranna Stáit

Ag cruinniú an Chomhchoiste ar an 20 Samhain 2018, chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in iúl don Chomhchoiste go raibh seisear fostaithe sa Roinn, as 250 fostaithe san iomlán, ar féidir leo seirbhís trí mheán na Gaeilge a sholáthar dá gcustaiméirí. Sin céatadán 2.4%, céatadán an-íseal ar fad. Fáiltíonn an Comhchoiste roimh thiomantas na Roinne, mar chuid den Phlean Gníomhaíochta 2017-2022 don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, dhá phost Gaeilge a chur i bhfeidhm i réimse na seirbhísí luathbhlianta laistigh den Roinn. Dar leis an gComhchoiste, is dul chun cinn é seo ach ní leor é. Ceapann an Comhchoiste go gcaithfidh an Roinn, agus gach Roinn eile agus comhlacht poiblí eile, líon na bhfostaithe ar féidir leo seirbhís dhátheangach a sholáthar dá custaiméirí a mhéadú go 20% ar a laghad.

Ceapann an Comhchoiste go bhfuil gá ann go mbunófaí rannóg ar leith taobh istigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a mbeadh mar chúram ag na hoifigigh inti seirbhísí iomlána a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus do na heagraíochtaí eile a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta eile trí mheán na Gaeilge.

Níl Oifigeach dátheangachais atá inniúil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon ag obair go lán-aimseartha sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Dá mbeadh a leithéid ann, agus seirbhísí dátheangacha na Ranna a fheabhsú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu mar phríomhchúram ag an Oifigeach seo, agus dá mbeadh a fhios ag pobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge go raibh a leithéid sin ann, spreagfadh sé sin daoine chun seirbhísí dátheangacha a lorg agus chuirfeadh sé deireadh leis an meon nach fiú na seirbhísí sin a lorg mar nach bhfuil siad ar fáil.

Ag an gcruinniú a luaitear thuas, dheimhnigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige go n-eisítear gach preasráiteas a bhaineann le seirbhísí luathbhlianta go dátheangach. Eisíodh An Chéad 5, an Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlach 2019-2028 i nGaeilge agus i mBéarla ar an lá céanna. Aithníonn an Comhchoiste an chur chuige seo, ach creideann sé go mba chóir go bhfoilseodh an Roinn gach rud a bhaineann leis na seirbhísí luathbhlianta go dátheangach ag am céanna.

- Moladh 17:** Go ndéanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus TUSLA – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach cinnte de, chomh luath agus is féidir, go mbeidh ar chumas 20% dá gcuid fostaithe seirbhísí dátheangacha a sholáthar, ionas gur féidir leis na seirbhísí luathbhlianta uile gach gné dá n-idirghabháil agus dá ngnó leo a dhéanamh tríd a rogha teanga oifigiúla.
- Moladh 18:** Go mbunófar rannóg ar leith taobh istigh den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a bheadh mar chúram ar na hoifigigh inti seirbhísí iomlána a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus do na heagraíochtaí eile a sholáthraíonn seirbhísí luathbhlianta eile trí mheán na Gaeilge
- Moladh 19:** Go gceapfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Oifigeach dátheangachais, agus go mbeadh sé mar phríomhchúram ar an Oifigeach sin seirbhísí dátheangacha na Ranna a fheabhsú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu.

2.5 Cigireacht

“Cinntear gur trí Ghaeilge a reáchtáiltear cigireachtaí agus cuairteanna Cigireachta ata dírithe ar an Oideachas sna Luathbhlianta (COL) o chigireacht an ROS i dtimpeallachtaí ina bhfeidhmítear trí Ghaeilge.”

Plean Gníomhaíochta 2017-2022 ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, leathanach 34

https://www.chg.gov.ie/app/uploads/2018/06/ghaeltacht_report_screen.pdf

2.5.1 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Is cúram é de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna cigireacht a dhéanamh ar na seirbhísí luathoideachas atá ag feidhmiú faoin gClár Cúram agus Oideachas na Luathóige. Mar chuid den chigireacht sin déantar measúnú ar cháilíocht nádúr, raon agus oiriúnacht na n-eispéireas luathoideachais do leanaí. Is príomhspríoc den bpróiseas measúnú a dhéanamh ar an tslí ina bhfuil na leanaí ag foghlaim agus an cleachtas a bhfuil á úsáid sna hionaid luathoideachais, agus tugtar aiseolas do na páirtithe leasmhara éagsúla ag deireadh gach cigireachta.

Foilsítear tuarascáil na cigireachta ar suíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna agus ar shuíomh na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. De réir nóta mionteagaisc a sheol an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chuig an Comhchoiste ar an 18 Nollaig 2018, tá foireann de 20 cigire fostaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi láthair agus tá Gaeilge láidir ag seachtar acu.

2.5.2 An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – Tusla

Tá Tusla freagrach as cigireacht a dhéanamh ar na seirbhísí a chuireann na hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge ar fáil do leanaí suas le 6 bliana d'aois. Éilíonn Tusla orthu a chur in iúl dó go bhfuil seirbhísí á soláthar acu agus éilíonn sé orthu gach beart ciallmhar ar mhaithe le sláinte, sábháilteacht agus leas na leanaí atá ag freastal ar an ionad a chur i bhfeidhm.

Ag cruinniú an Chomhchoiste ar an 18 Nollaig 2018 thuairiscigh Tusla go raibh 259 n-ionad luathoideachais a d'fheidhmigh trí mheán na Gaeilge cláraithe leis. Ach d'ainneoin sin, ní raibh ach cigire amháin aige, as a fhoireann de 47 gcigire, arbh fhéidir leis / léi cigireacht a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Mar sin, ba trí mheán an Bhéarla seachas trí mheán na Gaeilge a dhéanadh an chuid is mó de na cigireachtaí ar na hionaid luathoideachais sin agus trí mheán an Bhéarla seachas trí mheán na Gaeilge a dhéanadh an chuid is mó den riarachán a bhain leis na cigireachtaí sin.

Níl an dara rogha ag na bainisteoirí nó ag na cúramóirí ach a n-idirghabháil leis an gcigire a dhéanamh trí mheán an Bhéarla, agus feiceann na leanaí an t-idirghabháil seo á déanamh os a gcomhair i dteanga nach teanga oibrithe a n-ionad féin í.

Mar bharr air sin, tá sé i bhfad níos éasca ar leanaí agus i bhfad níos éifeachtúla lena leas agus lena bhforbairt gur féidir leo, gan aon srian, iad féin a mhíniú ina dteanga dhúchais féin. Níl sé seo i gceist, den chuid is mó, i gcás na hidirghabhála idir na cigirí ó Tusla agus na leanaí sna hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Is locht mór é seo a dhéanann dochar don Ghaeilge agus a dhéanann dochar do mheon na leanaí i gcomhair na Gaeilge. Seoltar teachtaireacht an-láidir chucu gurb é an Béarla an teanga a úsáideann na húdaráis agus gurb é an Béarla teanga na sochaí seachtraí. Cuireann an teachtaireacht dhiúltach sin normalú na Gaeilge i measc na leanaí siar.

Comhaontaíonn an Comhchoiste go mba chóir go mbeadh gach cigireacht a dhéantar in ionad luathoideachais déanta trí mheán na teanga oifigiúla atá á húsáid ag an ionad luathoideachais sin mar a ghnáth-theanga oibre.

Fáiltíonn an Comhchoiste roimh ráiteas Tusla leis ag a chruinniú ar an 18 Nollaig 2018 go raibh feachtas earcaíochta ar siúl aige ag an am sin, agus nuair a bheadh an cigire sin earcaithe aige, go mbeadh cumas níos mó aige cigireacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar do na hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge.

Tairgeann Tusla cumarsáid fhoirmiúil i scríbhinn trí mheán na Gaeilge agus foilsíonn sé a thuairiscí cigireachta trí mheán na Gaeilge nuair a iarrrtar air é sin a dhéanamh. Creideann an Comhchoiste nach leor é seo, agus ba chóir go mbeadh an fhaisnéis agus na doiciméid uile a bhaineann leis na hionaid luathoideachais ar fáil go dátheangach ag an am céanna, trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla araon; an suíomh gréasáin, bileoga, foirmeacha, treoirínte, tuarascálacha beartais, tuarascálacha cigireachta, is araile.

Creideann an Comhchoiste nach bhfuil sé inghlactha ar chor ar bith go bhfuil na seirbhísí agus na háiseanna seo ar fáil go huathoibríoch i dteanga oifigiúil amháin, agus nach bhfuil siad ar fáil sa teanga oifigiúil eile, ach amháin nuair a dhéantar éileamh orthu. Ní thugann sé sin cothrom na Féinne do na hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus cuireann sé ualach breise orthu iad seo a iarraidh agus ansin a bheith ag fanacht leo.

- Moladh 20:** Go ndéanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, TUSLA– An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, agus aon chomhlacht poiblí eile, cinnte de, chomh luath agus is féidir, go mbeidh gach uile idirghabháil, doiciméad agus chomhfhreagras idir iad féin agus aon ionad luathoideachais déanta go hiomlán trí mheán na teanga oifigiúla atá á húsáid ag an ionad luathoideachais sin mar a ghnáth-theanga oibre.
- Moladh 21:** Go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus TUSLA – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, cinnte de, chomh luath agus is féidir, go mbeidh gach cigireacht a dhéantar in ionad luathoideachais agus naíolann déanta trí mheán na teanga oifigiúla atá á húsáid ag an ionad luathoideachais nó ag an naíolann sin mar a ghnáth-theanga oibre.
- Moladh 22:** Go n-earcóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus TUSLA – An Gníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, chomh luath agus is féidir, dóthain cigirí arbh fhéidir leo a ndualgais iomlána a chomhlíonadh go dátheangach, ionas go mbeidh an rogha ag gach uile ionad luathoideachais agus naíolann a n-idirghabháil a dhéanamh leo trí mheán na teanga oifigiúla atá á húsáid ag an ionad luathoideachais nó ag an naíolann sin mar a ghnáth-theanga oibre.

2.6 Polasaí maidir le sealbhú na Gaeilge

Tá dhá chúram ar leith ar na hionaid luathoideachais:-

- (1) Riachtanais na leanaí a thagann as teaghlaigh, inarb í an Ghaeilge an teanga dhúchais agus arb í an Ghaeilge chéad teanga an teaghlaigh, a chomhlíonadh;
- (2) Riachtanais na leanaí, a thagann as teaghlaigh, nach í an Ghaeilge an teanga dhúchais iontu agus nach í an Ghaeilge chéad teanga an teaghlaigh, a chomhlíonadh.

Sa chéad chás thuas is í príomhfheidhm na dtuismitheoirí go sealbhaíonn a gcuid leanaí an Ghaeilge mar theanga dhúchais, agus go sealbhaíonn siad í i lán a saibhris ionas gur féidir leo í a úsáid sa bhaile agus mar a bpríomhtheanga. Tá na tuismitheoirí sa chás seo an-bhuartha nach féidir leo an sprioc sin a bhaint amach mura bhfuil cúram ar leith tugtha do shaibhriú dhúchas na gcainteoirí dúchasacha.

Sa dara chás thuas tá na tuismitheoirí ag iarraidh go bhfoghlaimeoidh na leanaí an Ghaeilge cé nach í an Ghaeilge a dteanga dhúchais agus cé nach bhfuil an Ghaeilge á húsáid acu mar chéad teanga an teaghlaigh. Tá na tuismitheoirí sa chás seo an-bhuartha nach féidir lena leanaí an Ghaeilge a fhoghlaim i gceart má tá deighilt déanta idir a gcuid leanaí agus na leanaí a thagann ó theaghlaigh arb í an Ghaeilge an teanga dhúchais iontu agus inarb í an Ghaeilge chéad teanga an teaghlaigh.

Dar le Polasaí Teanga Chomhar Naíonraí na Gaeltachta is í an Ghaeilge amháin a labhraítear in ionaid cúraim leanaí a fheidhmíonn faoina stiúir. Ag an am céanna, tá fáilte roimh gach leanbh sna hionaid sin, is cuma cén teanga, cultúr nó aicme lena mbaineann an leanbh, agus soláthraítear seirbhísí do cheithre shaghas foghlaimeora iontu:-

- (1) Leanaí ar cainteoirí dúchasacha Gaeilge iad agus leanaí a thagann ó theaghlaigh inarb í an Ghaeilge príomhtheanga an teaghlaigh;
- (2) Leanaí a thagann ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge agus an Béarla á labhairt;
- (3) Leanaí a thagann ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge agus teanga iasachta eile á labhairt;
- (4) Leanaí a thagann ó theaghlaigh nach bhfuil aon Ghaeilge á labhairt iontu.

Cruthaíonn na tosca difriúla seo dúshláin ar leith do na cúramóirí sna hionaid luathoideachais agus iad ag iarraidh an Ghaeilge a chur in iúl do leanaí den chéad uair, agus ag an am céanna Gaeilge leanaí dúchasacha agus líofa eile a fheabhsú agus a shaibhriú.

Ag labhairt os comhair an Chomhchoiste ar an 6 Feabhra 2018, dúirt an tIonad Tacaíochta Teaghlaigh Teo., go scagtar leanaí i ranganna difriúla de réir a gcumas sa Ghaeilge. Bíonn ionchur ag na tuismitheoirí agus ag na fostaithe atá ag obair san ionad maidir leis an scagadh sin. Dar leis an Ionad, is gá grúpáil a dhéanamh de réir riachtanais teanga chun gur féidir leis na foghlaiméirí Gaeilge foghlaim ag an luas cuí agus chun deis a thabhairt do chainteoirí dúchasacha a gcuid Gaeilge a threisiú agus cairdeas a chruthú le chéile trí Ghaeilge.

Ag cruinniú an Chomhchoiste ar an 4 Iúil 2018 thuairiscigh an tSeirbhís ITT, Ionad Cúraim Leanaí Bhaile an Fheirtéaraigh go ndearna sé grúpáil bheag i ngan fhios do na leanaí. Chuir na cúramóirí na leanaí beaga a raibh Gaeilge líofa acu in aice a chéile chun deis a thabhairt dóibh sóisialú a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Ag an gcruinniú céanna, thuairiscigh Seirbhís Luathbhlianta na nDoirí Beaga gur eagraigh sé bord de chainteoirí dúchasacha ag am lóin ach go raibh meascán ann idir na leanaí tríd an lae agus rudaí eile á ndéanamh acu.

Is é an dúshlán atá ann ná bunú nósmaireacht labhartha Gaeilge. Is ceist an-chasta í agus caithfidh go mbeadh níos mó taighde agus níos mó plé ar an ábhar sin.

2.6.1 Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirínte don Chúram agus Oideachas Luathóige

Is taobh istigh de théarmaí tagartha na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige atá an 'Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirínte don Chúram agus don Oideachas Luath-Óige'. Is í príomhaidhm na Cairte seo ná tacaíocht agus cumhacht a chur ar fáil dóibh siúd atá gníomhach san earnáil chun tuiscint a bhaint amach, agus tosaíochtaí a chuir sa tsiúl, a rachadh chun tairbhe do leas an linbh, don teaghlach, agus don tsochaí lena mbaineann.

https://www.dcyv.gov.ie/documents/publications/20180720_DiversityEqualityInclusionCharterGaeilge.PDF

Cairt Éagsúlachta, Chomhionannais agus Chuimsithe agus Treoirlínte don Chúram agus don Oideachas Luath-Óige’.

Féachfaidh an earnaíl dá réir leo seo a leanas:

1. Urraim a léiriú do gach leanbh go cothrom, ag cothú aitheantas cultúrtha agus mhuintearas gach linbh.
2. Aitheantas a thabhairt do ról na dtuismitheoirí mar phríomhoideachasóirí agus saineolaithe i leith a linbh, agus chun tacú leis an trasdul mín idir an baile agus suíomh an chúraim agus an oideachais luath-óige.
3. Is i gcomhréir le *Treoir Chleachtaidh Aistear/Síolta*, curaclam a léiríonn féiniúlachtaí gach leanbh agus ina n-aithnítear a gcuid cumas agus spéiseanna a chur chun feidhme.
4. A chinntiú go dtéann an phleanáil agus an soláthar seirbhíse i ngleic le héilimh gach linbh agus go n-oibríonn siad chun comhshaol cuimsitheach agus inrochtana a sheachadadh ar chách.
5. Cur ar chumas gach linbh a bheith rannpháirteach go bríomhar le gach gné den churaclam, agus an fhoghlaim a shíneadh chun dúshlán a chur faoi chumais agus forbairt an linbh aonair agus chun iad a chur chun cinn.
6. A chinntiú go mbíonn rochtain chomhionann ag leanaí, is cuma cén cumas atá acu, ar ghníomhaíochtaí oideachasúla bunaithe ar shúgradh arb iomchuí go cultúrtha agus ó thaobh na forbartha de iad, lasmuigh agus laistigh, chun a dtuiscintí, a gclaonta, a n-oilteachtaí agus a bhforbairt uilíoch a fhorbairt.
7. Éagsúlacht leanaí a cheiliúradh chun go mbrathfaidh siad compordach leis an éagsúlacht.
8. Tacú le leanaí sult a bhaint as a seirbhís luath-óige i dtimpeallacht atá saor ó chlaonadh, steiréitíopaí agus leithcheal.
9. Leanaí a chumhachtú chun seasamh suas dóibh féin agus do dhaoine eile i sáinneacha.
10. Sábháilteacht agus leas gach linbh a ráthú mar ghné lárnach do gach foghlaim, folláine, leas agus forbairt de chuid na leanaí.

Leathanach 5

Tá cúraimí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige dírithe go sonrach ar leanaí, daoine óga agus an teaghlach. Tá an Roinn freagrach mar sin as seirbhísí a sholáthar agus polasaithe a dhréachtadh le feidhm phraiticiúil agus réalaíoch. Mar a fheictear ar shuíomh na Roinne, tá sé mar straitéis aici:-

“Freagrachtaí ...

Cinnte a dhéanamh de go mbíonn socruithe d’ardchaighdeán i bhfeidhm le haghaidh idirghabháil dhíritha a bhaineann le leas agus cosaint leanaí, le tacaíocht teaghlaigh, le huchtú, le freastal ar scoil agus le laghdú na hógchoireachta. Is cuid lárnach den fhreagracht seo í an mhaoirseacht a dhéantar ar an nGníomhaíocht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), a bunaíodh in Eanáir 2014.”

<https://www.dcy.gov.ie/cat/GA/Eolas-Fuacute-inn/11.htm>

Sa Chairt, déantar tagairt do chainteoirí Gaeilge agus creideann an Comhchoiste go bhfuil cur chun cinn na Gaeilge, mar theanga dhúchais agus mar phríomhtheanga an linbh sna hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, ar ceann de na rudaí is tábhachtaí a théann chun tairbhe do leas an linbh, don teaghlach, agus don tsochaí lena mbaineann. Ní féidir cumais, tuiscintí, claonta, oilteachtaí, leas agus ‘forbairt uilíoch’ an linbh a chothú gan aird ar leith a thabhairt dá theanga nó dá teanga dhúchais féin agus an teanga sin a chothú agus a fhorbairt.

2.6.2 Aistear agus Síolta

In Aistear, an Creatchuraclam do leanaí in Éirinn ó bhreith go sé bliana d’aois, déantar cur síos ar na cineálacha foghlama (meonta, luachanna agus dearcadh, scileanna, feacht agus tuiscint) atá tábhachtach do leanaí i mblianta na luathóige. Tá tuairimí agus moltaí ann maidir le conas an fhoghlaim seo a chothú. Tá treoirlínte ann faoi conas tacú le foghlaim na leanaí trí chomhpháirtíocht le tuismitheoirí, idirghníomhachtaí, trí shúgradh agus trí mheasúnú.

<http://www.ncca.biz/Aistear/>

Trí Shíolta, an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas Luath-Óige in Éirinn, déantar measúnú ar an rochtain ar gach gné de dheachleachtas i gcúram leanaí agus luathoideachais i gcomhair leanaí atá idir breith agus 6 bliana d’aois agus tugtar tacaíocht dó.

<http://siolta.ie/media/pdfs/siolta-manual-as-gaeilge.pdf>

Tá dualgas reachtúil ar na hionaid luathoideachais coinníollacha Aistear agus Síolta a chur i bhfeidhm mar churaclam, ach faraor níl béim curtha ar shealbhú na Gaeilge mar phríomhtheanga ná mar dara teanga sna treoirlínte a bhaineann leo. Ag an am céanna, is fiú na riachtanais speisialta ar leith atá ag na hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus ag na hionaid luathoideachais atá lonnaithe sa Ghaeltacht a aithint.

Mar sin comhaontaíonn an Comhchoiste go mba chóir go mbronnfaí stádas ar leith ar an luathoideachas trí mheán na Gaeilge, go háirithe, ach ní amháin, ar na hionaid luathoideachais siúd atá lonnaithe sa Ghaeltacht féin. Comhaontaíonn an Comhchoiste gur chóir go bhforbrófaí creatchuraclam agus treoirlínte ar leith i gcomhair na n-ionad luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus go mbeadh an creatchuraclam agus na treoirlínte sin dírithe ar na riachtanais ar leith a bhaineann leis an teanga agus an tumoideachas.

- Moladh 23:** Go mbronnfar stádas ar leith ar an luathoideachas trí mheán na Gaeilge, go háirithe, ach ní amháin, ar na hionaid luathoideachais siúd atá lonnaithe sa Ghaeltacht féin.
- Moladh 24:** Go bhforbrófar creatchuraclam agus treoirlínte ar leith i gcomhair na hionaid luathoideachais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, agus go mbeidh an creatchuraclam agus na treoirlínte sin dírithe ar na riachtanais ar leith a bhaineann le teanga agus an tumoideachas.
- Moladh 25:** Go gcuirfidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Roinn Oideachais agus Scileanna acmhainní ar fáil le haghaidh taighde ar mhodhanna teagaisc luathbhlianta i gcomhthéacs dátheangach, i gcomhthéacs mionteanga agus i gcomhthéacs phobal na Gaeltachta agus pobal na Gaeilge.

Aguisín 1: Comhaltaí an Chomhchoiste

An Teachta Dála Catherine Connolly – An Cathaoirleach

An Teachta Dála Pat The Cope Gallagher *

An Teachta Dála Brendan Griffin

An Teachta Dála Fergus O'Dowd

An Teachta Dála Aindrias Ó Muimhneacháin

An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh

An Teachta Dála Bríd Smith

An Seanadóir Rónán Mullen

An Seanadóir Brian Ó Domhnaill

An Seanadóir Niall Ó Donnghaile

An Seanadóir Joe O'Reilly

* Freastalaíonn an Teachta Dála Éamon Ó Cuív ar chruinnithe den Chomhchoiste mar ionadaí ag an Teachta Dála Pat The Cope Gallagher.